**Ciorclán 0058/2023**

**Chuig: Boird Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta

Ordaíonn an tAire Oideachais, de bhun na cumhachta in Alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta, mar atá sa Chiorclán seo, a chur i bhfeidhm i gcás múinteoirí cláraithe incháilithe atá fostaithe i bpoist teagaisc cheadaithe arna maoiniú ag cistí an Oireachtais.

Ní mór do gach fostóir agus múinteoir cloí leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe mar atá luaite, le héifeacht láithreach.

Tagann an Ciorclán seo ionad aon Chiorclán, aon mheabhrán, aon rialacha agus rialacháin roimhe seo maidir le Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta.

Cinntigh le do thoil go gcuirtear ábhar an Chiorcláin seo faoi bhráid chomhaltaí uile an Bhoird Bhainistíochta/Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na múinteoirí uile atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd ar saoire neamhláithreachta.

Ba chóir aon cheisteanna a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús a d'fhéadfadh dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch. Féadfar aon cheisteanna breise a chur chuig an Roinn ag na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

a) Ceisteanna maidir le téarmaí agus coinníollacha do Shaoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh:- teachersna@education.gov.ie
b) Ceisteanna maidir le saoire a thaifeadadh ar CÉAL:- onlineclaims@education.gov.ie
c) Ceisteanna maidir le tuarastal:- Foirm Iarratas Párolla (education.gov.ie)

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Múinteoirí & Cúntóirí Riachtanais Speisialta - Téarmaí agus Coinníollacha**

**15 Samhain 2023**

## Clár


**Sainmhínithe agus Giorrúcháin ........................................................................ 3**

**1. Saoire Force Majeure .................................................................................. 4**

**2. Incháilitheacht do Shaoire Force Majeure .................................................... 4**

**3. Teidlíocht do Shaoire Force Majeure ........................................................... 4**

**4. Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ................................................................... 4**

**5. Incháilitheacht do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh .................................. 4**

**6. Teidlíocht do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ........................................... 5**

**7. Socruithe le linn Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ... 5**

**8. Nósanna Imeachta Iarratais ......................................................................... 5**

**9. Saoire a Thaifeadadh .................................................................................... 6**

**10. Stádas le linn Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ........ 6**

**11. Múinteoir Ionaid ........................................................................................... 6**

**12. Fostaíocht le linn Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh .. 6**

**13. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarmaí Seasta/Cuspóir Seasta .................... 7**

**14. Cosaint Sonraí ............................................................................................... 7**

**15. Comhlíonadh ................................................................................................. 7**

**Aguisín A – Teidlíochtaí Saoire Force Majeure / Bhreoiteachta Teaghlaigh…………… 8**

**Aguisín B – Samplaí de Shaoire Force Majeure / Bhreoiteachta Teaghlaigh .............. 10**

**Aguisín C – Iarratas ar Shaoire Force Majeure / Bhreoiteachta Teaghlaigh ............... 14**

## Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Chun críocha an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach i gcás go léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

**Fostóir**–i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna agus, i gcás bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as nithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo a tharmligean, de réir mar is cuí.

**BOO** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna a bunaíodh faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus a rialaítear dá réir.

**Córas Éileamh ar Líne (CÉAL)** –ciallaíonn an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha le neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus le héileamh a dhéanamh ar ionadaíocht.

**Pámháistir** – ciallaíonn sé seo an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Is í an Roinn Oideachais an pámháistir i gcás múinteoirí i mbunscoileanna (lena n-áirítear i bpobalscoileanna náisiúnta), i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha, agus is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna an pámháistir i gcás múinteoirí i ngairmscoileanna/i gcoláistí pobail.

**Scoil Aitheanta** – ciallaíonn sé seo scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

**Scoilbhliain** –ciallaíonn sé tréimhse a shaineoidh an tAire Oideachais ó am go chéile, san am i láthair, tosaítear an 1 Meán Fómhair agus críochnaítear an 31 Lúnasa.

**Múinteoir** – ciallaíonn sé duine atá cláraithe leis An Chomhairle Mhúinteoireachta.

**An Roinn** – ciallaíonn sé An Roinn Oideachais.

## 1. Saoire Force Majeure

1.1 Faoin Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2006, tá múinteoir i dteideal iarratas a dhéanamh ar Shaoire Force Majeure, ar saoire reachtúil speisialta í le pá ar chúiseanna práinneacha teaghlaigh.

## 2. Incháilitheacht do Shaoire Force Majeure

2.1 Nuair a bhíonn incháilitheacht maidir le Saoire Force Majeure á chinneadh, is iad na cúinsí sonracha ná:-

a) go meastar é a bheith práinneach mar gheall ar bhreoiteacht/dochar do neasghaol, agus go gcaithfidh múinteoir gníomhú gan mhoill agus

b) nach féidir déanamh gan láithreacht láithreach an mhúinteora, chun tacaíocht a sholáthar san áit ina bhfuil an neasghaol lonnaithe.

2.2 Tá na neasghaolta a cháilíonn múinteoir do Shaoire Force Majeure liostaithe in Aguisín A den Chiorclán seo.

2.3 Ní bhaineann Saoire Force Majeure le duine breoite nó gortaithe a thionlacan chuig coinne leighis atá sceidealta.

2.4 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nuair a bhíonn cinneadh a dhéanamh ag fostóir maidir le hincháilitheacht, go gcaithfear feidhm a bhaint as alt 2.1 a) agus b) ar gach lá ar leith dá n-iarrtar Saoire Force Majeure, ní ar an gcéad lá amháin.

## 3. Teidlíocht do Shaoire Force Majeure

3.1 Is éard atá i gceist le Saoire Force Majeure ná lá scoile amháin nó níos mó, ach ní féidir dul thar uasmhéid iomlán:

a) 3 lá scoile i 12 mhí as a chéile
nó
b) 5 lá scoile i 36 mhí as a chéile

## 4. Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh

4.1 Is saoire speisialta neamhreachtúil le soláthar pá é Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh.

## 5. Incháilitheacht do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh

5.1 Agus incháilitheacht á cinneadh maidir le Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, is iad seo a leanas na cúinsí:-

a) i gcás breoiteachta thromchúiseach gan choinne, nó díobháil do neasghaol /garghaol múinteora agus nach féidir socruithe teaghlaigh eile a dhéanamh agus

b) in aon chás ina mbeidh an Saoire Force Majeure tagtha chun deiridh nó nach mbaineann a leithéid

## 6. Teidlíocht Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh

6.1 Is éard atá i gceist le Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ná lá scoile amháin nó níos mó, ach ní féidir dul thar uasmhéid iomlán:

a) 5 lá scoile i ngach bliain scoile maidir le neasghaol
   nó
b) 3 lá scoile i ngach bliain scoile maidir le garghaol

6.2 Is é 5 lá scoile an teidlíocht uasta i scoilbhliain i gcás Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh. Áirítear leis seo na teidlíochtaí Force Majeure atá leagtha amach ag 3.1.

6.3 Tá na neasghaolta a cháilíonn múinteoir do Shaoire Breoiteachta Teaghlaigh liostaithe in Aguisín A den Chiorclán seo.

## 7. Socruithe le linn Saoire Force Majeure agus Bhreoiteachta Teaghlaigh

7.1 Is féidir le múinteoir atá as láthair ar shaoire reachtúil nó neamhreachtúil eile Saoire Force Majeure nó Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a ghnóthú, in ionad na saoire sin.

7.2 Is ionann neamhláithreacht ar Shaoire Force Majeure nó ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ar feadh cuid de lá scoile agus neamhláithreacht do lá iomlán scoile.

## 8. Nósanna Imeachta Iarratais

8.1 Ní mór ceadú an fhostóra a lorg do Shaoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh.

8.2 Ní mór do mhúinteoir a bhaineann leas as Saoire Force Majeure nó Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh an Fhoirm Iarratais ag Aguisín C den Chiorclán seo a chomhlánú. Ba chóir an Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus a sheoladh chuig an bhfostóir, a luaithe is féidir go praiticiúil tar éis dó/di leas a bhaint as a leithéid de shaoire.

8.3 Má tá múinteoir fostaithe ag BOO, d'fhéadfadh go mbeadh áis ar líne ann chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Force Majeure nó ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, seachas an Fhoirm Iarratais in Aguisín C a chomhlánú

8.4 Ba cheart don fhostóir a chinntiú, sna cúinsí, gur féidir seasamh go hiomlán le hiarratas ar Shaoire Force Majeure nó ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh agus gur féidir é a dheonú. Féadfaidh fostóir, dá rogha féin, doiciméid tacaíochta a éileamh, ar nós litir dochtúra chun tacú le hiarratas an mhúinteora. Ní gá cineál an riochta leighis a lua sa litir dochtúra. Ní gá ach ráiteas a sholáthar a fhíoraíonn go bhfuil, nó go raibh, gá ag an duine le dianchúram nó le tacaíocht shuntasach ar thromchúis leighis.

8.5 Ní féidir le fostóir Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a cheadú ach amháin ag am an tinnis nó an ghortaithe don neasghaol nó don ghaol gairid.

## 9. Saoire a Thaifeadadh

9.1 Tar éis don fhostóir Saoire Force Majeure nó Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a cheadú, ní mór don fhostóir an neamhláithreacht a thaifeadadh go tráthúil ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

9.2 I gcás scoileanna a úsáideann CÉAL na Roinne, déantar Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a thaifeadadh faoi 'Saoire Phearsanta', agus ansin faoin bhfochatagóir 'Force Majeure' nó 'Breoiteacht Teaghlaigh', de réir mar is cuí.

## 10. Stádas le linn Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh

10.1 Meastar múinteoir atá ar Saoire Force Majeure nó ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, chun gach críche, a bheith i bhfostaíocht ag an am sin lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas. Tá Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh inríofa go hiomlán le haghaidh sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail incriminteach.

## 11. Múinteoir Ionaid

11.1 Ag teacht le foilseacháin ábhartha na Roinne, tá na rialacha seo a leanas i gceist i gcás múinteoir ionaid:-

a) Bunscoil:- tá an chéad lá de Shaoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh clúdaithe ag an Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta. Mar gheall ar na bearta maolaithe atá i bhfeidhm, áfach, féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, arna íoc ag an bPámháistir, sna cúinsí seo a leanas:

- don chéad lá de Shaoire Force Majeure nó de Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh múinteora i scoileanna le beirt mhúinteoirí ranga nó níos lú. NÓ
- má tharlaíonn go mbíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó i scoil as láthair ar an gcéad lá de Shaoire Force Majeure nó de Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, don dara múinteoir agus do mhúinteoirí ina dhiaidh sin.

b) Iar-bhunscoil:- tá an chéad lá de Shaoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh clúdaithe ag an Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta.

11.2 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, íoctha ag an bPámháistir do Shaoire Force Majeure leanúnach nó do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh leanúnach, a tharlaíonn tar éis an chéad lá neamhláithreachta m.sh. ar lá 2 den neamhláithreacht. Más go neamhleanúnach a tharlaíonn Saoire Force Majeure nó Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, meastar gach lá den neamhláithreacht (laistigh de na teorainneacha ceadaithe) mar neamhláithreacht an chéad lae chun críocha clúdach ionadaíochta.

## 12. Fostaíocht le linn Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh

12.1 Ní ceadmhach do mhúinteoir ar Shaoire Force Majeure nó ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a bheith gafa in aon chineál teagaisc nó aon chineál fostaíocht íoctha eile.

## 13. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarmaí Seasta/Cuspóir Seasta

13.1 Le linn théarma an chonartha, Beidh teidlíochtaí iomlána ar Shaoire Force Majeure agus ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ag múinteoir atá ar chonradh fostaíochta téarma sheasta/cuspóra seasta. Níor cheart do dheonú nó do ghlacadh na saoire seo cur isteach ar cheapachán téarma seasta/cuspóra seasta nó ar athnuachan ceapachán dá leithéid sin.

13.2 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht múinteora ar Shaoire Force Majeure agus ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ar dhul in éag don chonradh agus nach ndearnadh an conradh sin a athnuachan ach má tharlaíonn go leanann an conradh sin go díreach le conradh 'cúl le cúl' i bpost múinteoireachta faofa arna mhaoiniú ag cistí an Oireachtais..

## 14. Cosaint Sonraí

14.1 Ní mór don fhostóir gach doiciméad a bhaineann le neamhláithreacht an mhúinteora ar Shaoire Force Majeure agus ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a choinneáil go slán sábháilte leis na taifid phearsanra ábhartha agus de réir bheartas cosanta sonraí agus rialacháin um chosaint sonraí an fhostóra. D'fhéadfadh oifigigh ainmnithe na Roinne na taifid seo a roghnú lena n-iniúchadh.

## 15. Comhlíonadh

15.1 Mura gcloítear leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chiorclán seo faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe, d'fhéadfaí go gcuirfí deireadh le tuarastal múinteora nó go ndéanfaí clúdach ionadaíochta scoile a aistarraingt.

## Aguisín A – Teidlíochtaí Saoire Force Majeure agus Bhreoiteachta Teaghlaigh

### 1. Teidlíochtaí do Shaoire Force Majeure

| An Gaol leis an Múinteoir | Teidlíocht Saoire |
|---|---|
| **Neasghaol (mar a shainmhínítear san Acht um Shaoire Tuismitheora)**<br>• Céile (páirtí comhchónaitheach san áireamh)<br>• Leanbh (lena n-áirítear leanbh uchtaithe, leasleanbh agus leanbh a bhfuil cúram á thabhairt dó 'in loco parentis')<br>• Deartháir<br>• Deirfiúr<br>• Máthair<br>• Athair<br>• Seanathair<br>• Seanmháthair<br>• Aon duine atá i ngaol spleáchais tí (a chiallaíonn go raibh an duine breoite ag roinnt tí leis an múinteoir agus spleách air/uirthi freisin dá chúram) | a) Uasmhéid 3 lá scoile in 12 mhí as a chéile<br>nó<br>b) Uasmhéid 5 lá scoile in 36 mhí as a chéile |

## 2. Teidlíochtaí do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh

| An Gaol leis an Múinteoir | Teidlíocht Saoire |
|---|---|
| **Neasghaol**<br>• Céile (páirtí comhchónaitheach san áireamh)<br>• Leanbh (lena n-áirítear leanbh uchtaithe, leasleanbh agus leanbh a bhfuil cúram á thabhairt dó 'in loco parentis')<br>• Athair<br>• Máthair<br>• Leasathair<br>• Leasmháthair<br>• Leasmhac<br>• Leasiníon<br>Aon duine atá i ngaol spleáchais tí (a chiallaíonn go raibh an duine breoite ag roinnt tí leis an múinteoir agus spleách air/uirthi freisin dá chúram) | Uasmhéid 5 lá scoile in aon scoilbhliain amháin |
| **Garghaol**<br>• Deartháir<br>• Deirfiúr<br>• Seanathair<br>• Seanmháthair<br>• Uncail<br>• Aintín<br>• Neacht<br>• Nia<br>• Garleanbh<br>• Máthair chéile<br>• Athair céile | Uasmhéid 3 lá scoile in aon scoilbhliain amháin |

## Aguisín B – Samplaí de Shaoire Force Majeure / Bhreoiteachta Teaghlaigh

| Teidlíocht Saoire Force Majeure | Teidlíocht Bhreoiteachta Teaghlaigh |
|---|---|
| Is éard atá i gceist le Saoire Force Majeure ná lá scoile amháin nó níos mó, i gcás neasghaol, agus ní ceadmhach dul thar uasmhéid iomlán de:-<br><br>a) 3 lá scoile i 12 mhí as a chéile<br>nó<br>b) 5 lá scoile i 36 mhí as a chéile | Is éard atá i gceist le Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ná lá scoile amháin nó níos mó, agus ní ceadmhach dul thar uasmhéid iomlán de:-<br><br>a) 5 lá scoile i ngach scoilbhliain maidir le neasghaol<br>nó<br>b) 3 lá scoile i ngach scoilbhliain maidir le garghaol |
| Má tharlaíonn go mbaintear leas as an teidlíocht uasta do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh i scoilbhliain, ní bheidh aon teidlíocht bhreise ar Shaoire Force Majeure sa scoilbhliain sin. | |

**Sampla 1 – Saoire Force Majeure**

1) Bhain Seán leas as Saoire Force Majeure, i leith a linbh (neasghaol), ar na dátaí seo a leanas:-

    a) 4 Deireadh Fómhair 2022
    b) 25 Aibreán 2023
    c) 15 Bealtaine 2023

2) Cuireann Seán iarratas faoi bhráid a fhostóra maidir le Saoire Force Majeure, i leith a chéile, do neamhláithreacht ar an dáta seo a leanas:-

    a) 20 Meán Fómhair 2023

    Bhain Seán leas cheana féin as 3 lá Saoire Force Majeure sa tréimhse 12 mhí as a chéile roimhe sin, ag tosú an 4 Deireadh Fómhair 2022. Dá réir sin, níl aon teidlíocht aige ar Shaoire Force Majeure don 20 Meán Fómhair 2023, mar sin ní mór dá fhostóir diúltú don iarratas seo.

3) Cuireann Seán iarratas faoi bhráid a fhostóra ar Shaoire Force Majeure, i leith a linbh, do neamhláithreacht ar an dáta seo a leanas:-

    a) 6 Deireadh Fómhair 2023

4) Má shásaíonn Seán na critéir incháilitheachta faoin gCiorclán seo, is féidir lena fhostóir Saoire Force Majeure a cheadú, toisc go bhfuil sé laistigh de na teorainneacha uasta a cheadaítear i.e. 5 lá scoile i 36 mhí as a chéile ón 4 Deireadh Fómhair 2022.

5) Cuireann Seán iarratas faoi bhráid a fhostóra ar Shaoire Force Majeure, i leith a linbh, ar neamhláithreacht ar an dáta seo a leanas:-

    a) 16 Bealtaine 2024

Má shásaíonn Seán na critéir incháilitheachta faoin gCiorclán seo, is féidir lena fhostóir Saoire Force Majeure a cheadú, mar tá sé laistigh de na teorainneacha uasta i.e. 5 lá scoile i 36 mí as a chéile ón 4 Deireadh Fómhair 2022.

6) Bhain Seán leas as 5 lá Saoire Force Majeure i dtréimhse 36 mí as a chéile.

**Sampla 2 – Ceadú do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, in ionad Saoire Force Majeure a diúltaíodh**

1) Chuir Máire iarratas ar Shaoire Force Majeure faoi bhráid a fostóra, i leith a garleanbh (neasghaol), maidir le neamhláithreacht ar an dáta seo a leanas.:-

    a) 26 Bealtaine 2023

2) Dhiúltaigh fostóir Máire dá hiarratas ar Shaoire Force Majeure, toisc nach gcáilíonn an gaol (gariníon) faoin gCiorclán seo.

3) Ina dhiaidh sin, chuir Máire iarratas le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoi bhráid a fostóra, i leith a garleanbh (garghaol), dá neamhláithreacht ar 26 Bealtaine 2023.

4) Is féidir le fostóir Mháire a hiarratas ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a cheadú, toisc go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta faoin gCiorclán seo.

**Sampla 3 – Saoire Force Majeure in éineacht le Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, laistigh de na teorainneacha ceadaithe**

1) Bhain Seosamh leas as Saoire Force Majeure, i leith a chéile (neasghaol), ar na dátaí seo a leanas:-

    a) 11 Deireadh Fómhair 2022
    b) 19 Eanáir 2023
    c) 17 Aibreán 2023

2) Bhain Seosamh leas as na teorainneacha uasta Saoire Force Majeure a cheadaítear i.e. 3 lá scoile i 12 mhí as a chéile.

3) Cuireann Seosamh iarratas le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoi bhráid a fhostóra, i leith a sheanmháthair (garghaol), ar neamhláithreacht ar na dátaí seo a leanas:-

    a) 14 go 15 Bealtaine 2023 (2 lá)

Faoi réir comhlíonadh na gcritéir incháilitheachta le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir Sheosaimh 2 lá Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a cheadú do Sheosamh don 14 go 15 Bealtaine 2023.

4) Bhain Seosamh leas as 3 lá Saoire Force Majeure idir 11 Deireadh Fómhair 2022 agus 17 Aibreán 2023. Bhain Seosamh leas as 2 lá Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh sa scoilbhliain 2022/23. Níl Seosamh i dteideal leas a bhaint as aon Saoire Force Majeure breise sa tréimhse 12 mhí as a chéile ón 11 Deireadh Fómhair 2022.

**Sampla 4 – Sáraíonn an t-iarratas ar Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh na teorainneacha atá ceadaithe, nuair a chuirtear iad in éineacht le Saoire Force Majeure**

1) Bhain Sinéad leas as Saoire Force Majeure, i leith a céile (neasghaol), ar na dátaí seo a leanas:-

   a) 7 Feabhra 2023
   b) 20 Márta 2023
   c) 11 Aibreán 2023

   Tá Sinéad tar éis leas a bhaint as na teorainneacha uasta Saoire Force Majeure a cheadaítear i.e. 3 lá scoile i 12 mhí as a chéile idir 7 Feabhra agus 11 Aibreán 2023.

2) Cuireann Sinéad iarratas le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoi bhráid a fostóra, i leith a deartháir (garghaol), ar neamhláithreacht ar na dátaí seo a leanas:-

   a) 16 go 18 Bealtaine 2023 (3 lá)

   Ní féidir le fostóir Shinéid a hiarratas ar Bhreoiteacht ar Shaoire Teaghlaigh a cheadú ach le haghaidh 2 lá (16 go 17 Bealtaine 2023). Sáraíonn an 3 lá iomlán Saoire Force Majeure a deonaíodh cheana féin, i dteannta an iarratais ar 3 lá Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh an teidlíocht uasta do scoilbhliain maidir le Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, is é sin 5 lá.

**Sampla 5 – Saoire Force Majeure in éineacht le Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a deonaíodh thar na 12/36 mí as a chéile**

1) **Scoilbhliain 2022/23**
   Bhain Pól leas as Saoire Force Majeure, i leith a linbh (neasghaol), ar na dátaí seo a leanas:-

   a) 14 Meán Fómhair 2022
   b) 29 Meán Fómhair 2022
   c) 24 Eanáir 2023

2) Tá Pól tar éis leas a bhaint as na teorainneacha uasta Saoire Force Majeure a cheadaítear i.e. 3 lá scoile i 12 mhí as a chéile.

3) Cuireann Pól iarratas le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoi bhráid a fhostóra, i leith a sheanmháthair (garghaol), ar neamhláithreacht ar na dátaí seo a leanas:-

   a) 13 go 14 Márta 2023 (2 lá)

   Faoi réir comhlíonadh na gcritéir incháilitheachta le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir Phóil 2 lá Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a cheadú do Phól, mar tá sé laistigh de na teorainneacha uasta a cheadaítear i.e. 5 lá scoile i scoilbhliain ina gcuirtear Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh agus Saoire Force Majeure le chéile.

4) Tá leas bainte ag Pól anois as na teorainneacha uasta Saoire Teaghlaigh/Saoire Force Majeure a cheadaítear (nuair a chuirtear le chéile iad) i.e. 5 lá scoile i scoilbhliain.

1) **Scoilbhliain 2023/24**
   Tá Pól tar éis leas a bhaint as Saoire Force Majeure, i leith a dheartháir (neasghaol), ar na dátaí seo a leanas:-

   a) 18 Meán Fómhair 2023
   b) 23 Deireadh Fómhair 2023

2) Tá leas bainte ag Pól anois as an uasmhéid Saoire Force Majeure i.e. 5 lá scoile i dtréimhse 36 mhí as a chéile.

3) Cuireann Pól iarratas chuig a fhostóir le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh, i leith a dheartháir (garghaol), ar neamhláithreacht ar na dátaí seo a leanas:-

   a) 12 go 14 Mí na Nollag 2023 (3 lá)

   Faoi réir comhlíonadh na gcritéir incháilitheachta le haghaidh Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir Phóil 3 lá Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a cheadú, mar tá Pól laistigh de na teorainneacha uasta a cheadaítear i.e. 5 lá scoile i scoilbhliain ina gcuirtear Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh agus Saoire Force Majeure le chéile.

4) Tá leas bainte ag Pól anois as na teorainneacha uasta Saoire Teaghlaigh/Saoire Force Majeure a cheadaítear (nuair a chuirtear le chéile iad) i.e. 5 lá scoile i scoilbhliain.

## Aguisin C – Iarratas ar Shaoire Force Majeure / Bhreoiteachta Teaghlaigh

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur faoi bhráid an fhostóra chomh luath agus is indéanta go réasúnta i ndiaidh na neamhláithreachta.**

### CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA

Ainm an Mhúinteora: ______________________ Uimh Theagmhála: ____________

Seoladh Baile: ________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: __________________________________________________

UPSP: ______________________________________________________________

Ainm na Scoile: ________________________________ Uimh Rolla: ____________

### CUID 1B – SONRAÍ SAOIRE

An Cineál Saoire a bhfuil iarratas déanta ina leith (cuir tic leis an mbosca ábhartha)

Saoire Force Majeure ☐ Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh ☐

Dáta tosaigh: ____________ Dáta deiridh: _______________Fad (Laethanta) _______

Líon laethanta Force Majeure a tógadh le (a) 12 mhí anuas: ___ (b) 36 mhí anuas: ___

Líon laethanta Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a tógadh sa scoilbhliain go dtí seo: ______________

Déanaim iarratas anseo ar Shaoire Force Majeure/Bhreoiteachta Teaghlaigh ar an gcúis seo a leanas:-

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________

_____________________________________________________________________

Do Shaoire Bhreoiteachta Teaghlaigh cuir tic leis an mbosca chun an gaol a léiriú:

Neasghaol: ☐ Garghaol: - ☐

**Dearbhú**
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Force Majeure/Bhreoiteachta Teaghlaigh de réir Chiorclán 0058/2023. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san iarratas fíor agus cruinn.

Níl mo theidlíochtaí do Shaoire Force Majeure Leave/Bhreoiteachta Teaghlaigh sáraithe agam, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0058/2023.

Síniú an Mhúinteora: ___________________________ Dáta: __________________

**Ráiteas Príobháideachta um Chosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir a éilíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta seo a chur ar fáil do d'fhostóir ná chun d'iarratas ar Shaoire Force Majeure/Bhreoiteachta Teaghlaigh a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi de réir a pholasaí um Chosaint Sonraí. Tá tuilleadh eolais faoin bpolasaí seo ar fáil ach é a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir teacht ar an bhFógra Príobháideachta a thugann faisnéise bhreise maidir leis an bhFoirm Iarratais seo a fháil ar gov.ie. Tá sonraí iomlána ar pholasaí um Chosaint Sonraí na Roinne ina leagtar amach an chaoi a úsáidfimid do shonraí pearsanta mar aon le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar gov.ie. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil freisin i gcruachóip ón Aonad Múinteoirí/CRSanna - Téarmaí & Coinníollacha, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, N37 X659, nó ó teachersna@education.gov.ie, ach iad a iarraidh.

**CUID 2– CINNEADH AN FHOSTÓRA**

Deimhním gur cheadaigh/dhiúltaigh mé (scrios mar is cuí) an Saoire Force Majeure/Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh de réir Chiorclán 0058/2023. Coinníodh na doiciméid seo a leanas i gcomhad chun críocha iniúchta:

1) Iarratas ar Shaoire Force Majeure/Bhreoiteachta Teaghlaigh faoi Chiorclán 0058/2023 ☐
2) Cóip den Fhógra Cinnidh a eisíodh chuig an múinteoir ☐

Tá an Saoire Force Majeure / Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh a ceadaíodh taifeadta ar an gcóras CÉAL/BOO ☐

Síniú: ________________________________ Dáta: _______________________
(Fostóir)

***NÍOR chóir Foirm Iarratais/Doiciméid Thacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais. Ba chóir iad a choinneáil sa scoil/BOO mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.***